

An Bhruiséil, 3 Iúil 2026
(OR. en)

10948/26

ECOFIN 874
UEM 293
ECB
EIB

NÓTA

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	MOLADH ÓN gCOMHAIRLE lena bhformhuinítear plean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta na hÍsiltíre

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE

lena bhformhuinítear plean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta na hÍsiltíre

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 121 de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1263 ón gComhairle, agus go háirithe Airteagal 17 de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún, De bharr an mhéid seo a leanas:

De bharr an mhéid seo a leanas:

BREITHNITHE GINEARÁLTA

- (1) Is é is aidhm do chreat rialachais eacnamaíoch an Aontais¹ airgeadas poiblí atá fóna inbhuanaithe, mar aon le fás inbhuanaithe cuimsitheach agus athléimneacht, a chur chun cinn trí athchóirithe agus infheistíochtaí, agus easnaimh iomarcacha rialtais a chosc. Lena chois sin, cuireann sé úinéireacht náisiúnta chun cinn agus díríonn sé níos mó ar an meántearma agus, ina theannta sin, déantar na rialacha a fhorfheidhmiú ar bhonn níos éifeachtaí agus níos comhleanúnaí.

¹ Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach (IO L, 2024/1263, 30.4.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1263/oj>), mar aon le Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 ón gComhairle an 7 Iúil 1997 maidir le dlús a chur le cur chun feidhme an nós imeachta um easnamh iomarcach agus soiléiriú a dhéanamh air (IO L, 209, 2.8.1997, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/1997/1467/2024-04-30>), agus Treoir 2011/85/AE ón gComhairle an 8 Samhain 2011 maidir le ceanglais le haghaidh creataí buiséadacha na mBallstát (IO L, 306, 23.11.2011, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2011/85/2024-04-30>).

- (2) Tá na pleananna fioscach-struchtúracha meántéarmacha náisiúnta a chuireann na Ballstáit faoi bhráid na Comhairle agus an Choimisiún i gcroílár an chreata nua rialachais eacnamaíoch. Ba cheart dhá chuspóir a bhaint amach leis na pleananna: (i) faoi dheireadh na tréimhse coigeartúcháin, a áirithiú, *inter alia*, go mbeidh fiachas rialtais ghinearálta ar chonair inchreidte anuas, nó go bhfanfaidh sé ar leibhéil stuama, agus go dtabharfar agus go gcoinneofar an t-easnamh rialtais faoi bhun luach tagartha 3 % de OTI sa mheántéarma, agus (ii) a áirithiú go soláthrófar athchóirithe agus infheistíochtaí lena bhfreagrófar ar na príomhdhúshláin arna sainaitint i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh agus lena dtabharfar aghaidh ar thosaíochtaí comhchoiteanna an Aontais. Chuige sin, ba cheart gealltanais meántéarmach maidir le huasrátaí fáis an ghlanchaiteachais² a chur isteach i ngach plan, lena mbunaítear go héifeachtach sriantacht buiséid ar feadh ré an phlean, lena gcumhdaítear 4 nó 5 bliana (ag brath ar ghnáth-théarma an reachtais i mBallstát). Ina theannta sin, ní mór míniú a thabhairt sa phlean ar an gcaoi a n-áiritheoidh an Ballstát go soláthrófar athchóirithe agus infheistíochtaí lena bhfreagrófar ar na príomhdhúshláin arna sainaitint i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh, go háirithe sna moltaí tírshonracha (lena n-áirítear na moltaí sin a bhaineann leis an nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha), agus ar an gcaoi a bhfuil sé beartaithe ag an mBallstát aghaidh a thabhairt sa phlean ar thosaíochtaí comhchoiteanna an Aontais. Leis an tréimhse le haghaidh coigeartú fioscach, cumhdaítear 4 bliana, is é sin tréimhse a bhféadfar síneadh suas le 3 bliana a chur léi má thugann an Ballstát gealltanais i leith sraith athchóirithe agus infheistíochtaí ábhartha a sholáthar a chomhlíonann na critéir a leagtar amach i Rialachán (AE) 2024/1263.
- (3) Tar éis thíolacadh an phlean, déanfaidh an Coimisiún measúnú cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann sé ceanglais Rialachán (AE) 2024/1263.
- (4) Déanfaidh an Chomhairle, ar mholadh a fháil ón gCoimisiún, moladh a ghlacadh ansin chun uasrátaí fáis an ghlanchaiteachais sa mheántéarma den Bhallstát lena mbaineann agus, i gcás inarb infheidhme, chun an tsraith gealltanais athchóirithe agus infheistíochta a fhormhuiniú atá ina mbonn taca faoi shíneadh a chur leis an tréimhse coigeartúcháin fhioscaigh.

² Glanchaiteachas, mar a shainmhínítear é in Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2024/1263, is é sin caiteachas rialtais atá glan: (i) ar chaiteachas úis, (ii) ar bhearta lánroghnacha ioncaim, (iii) ar chaiteachas ar chlár an Aontais arna meaitseáil go hiomlán le hioncam ó chistí an Aontais, (iv) ar chaiteachas náisiúnta ar chómhaoiniú clár arna gcistiú ag an Aontas, (v) ar ghnéithe timthriallacha den chaiteachas ar shochar dífhostaíochta, agus (vi) ar bhearta aonuaire agus bearta sealadacha eile.

PRÓISIS GHAOLMHARA, LENA nÁIRÍTEAR AN CHONAIR GHLANCHAITÉACHAIS A MOLADH ROIMHE SEO AGUS AN MEASÚNÚ UIRTHI

- (5) An 21 Eanáir 2025, ghlac an Chomhairle moladh lena leagtar síos conair ghlanchaiteachais na hÍsiltíre³. Chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíontacht in 2025, tá na huasrátaí fáis glanchaiteachais arna leagan síos leis an Moladh ón gComhairle an 21 Eanáir 2025 fós ábhartha.
- (6) An 3 Meitheamh 2026, mar chuid de phacáiste an Earraigh 2026 den Seimeastar Eorpach, d'fhoilsigh an Coimisiún an measúnú is déanaí uaidh ar chomhlíontacht na hÍsiltíre leis na huasrátaí fáis glanchaiteachais. Bunaithe ar ríomhanna an Choimisiúin, bhí ráta fáis glanchaiteachais na hÍsiltíre in 2025 os cionn an uasráta fáis a mhol an Chomhairle i mí Eanáir 2025, ráta a chomhfhreagraíonn do dhiallas 1,5 % de OTI i dtéarmaí bliantúla. Agus 2024 agus 2025 á gcur san áireamh le chéile, bhí ráta fáis carnach an ghlanchaiteachais os cionn an uasráta fáis charnagh a mholtar freisin, ráta a chomhfhreagraíonn do dhiall 1,0 % de OTI.
- (7) An 8 Iúil 2025, chuir an Chomhairle sraith moltaí tírshonracha faoi bhráid na hÍsiltíre i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh⁴.
- (8) An 3 Meitheamh 2026, mar chuid de phacáiste Sheimeastar Eorpach an Earraigh 2026, agus faoi Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach bhfuil míchothromaíochtaí ag an Ísiltír a thuilleadh. Go sonrach, maidir le leochaileachtaí a bhaineann le leibhéil arda fiachais teaghlaigh, leis an margadh tithíochta, agus leis an mbarrachas mór sa chuntas reatha, bhí siad ann le blianta anuas ach tá laghdú tagtha orthu le déanaí.⁵

³ Moladh ón gComhairle an 21 Eanáir 2025 lena leagtar síos conair ghlanchaiteachais na hÍsiltíre, IO C/2025/648, 10.2.2025.

⁴ Moladh ón gComhairle maidir le beartais eacnamaíocha, shóisialta, fostaíochta, struchtúracha agus bhuiséadacha na hÍsiltíre, IO C/2025/3993, 20.8.2025, lch. 9.

⁵ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an mBanc Ceannais Eorpach, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, chuig Coiste na Réigiún agus chuig an mBanc Eorpach Infheistíochta', COM (2026) 200 final.

NA BREITHNITHE MAIDIR LE PLEAN FIOSCACH-STRUCHTÚRACH MEÁNTÉARMACH NÁISIÚNTA NA hÍSLTÍRE

- (9) De réir Airteagal 15(2) de Rialachán 2024/1263, i gcás rialtas nuacheaptha, féadfaidh na Ballstáit plean fíoscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta athbhreithnithe a chur isteach. Tar éis an olltoghcháin i mí Dheireadh Fómhair 2025, bunaíodh rialtas nua an 23 Feabhra 2026. An 14 Aibreán 2026, rinne an Ísiltír a plean fíoscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta athbhreithnithe (dá ngairtear ‘an plean’ nó ‘plean mhí Aibreáin 2026’ anseo feasta) a thíolacadh don Chomhairle agus don Choimisiún. Cumhdaítear tréimhse 5 bliana (2026-2030) leis an bplean in ionad na 4 bliana is gnách i bhfianaise fhoirmiú an rialtais a tharla go heisceachtúil i mí Feabhra 2026. Mar thoradh air sin, beidh an rialtas reatha freagrach as 5 bhuiséad a ullmhú seachas 4 bhuiséad.

An próiseas sular tiolacadh plean mhí Aibreáin 2026

- (10) Sular tiolacadh a plean, d'iarr an Ísiltír faisnéis theicniúil⁶. Sholáthair an Coimisiún faisnéis theicniúil, an 26 Feabhra 2026, de bhun Airteagal 15(4) de Rialachán (AE) 2024/1263, agus d'fhoilsigh sé í an 21 Aibreán 2026⁷. San fhaisnéis theicniúil, tugtar le fios leibhéal an chomhardaithe phríomha struchtúraigh in 2029 is gá chun a áirithiú go gcoinneofar an t-easnamh rialtais ghinearálta faoi bhun 3 % de OTI sa mheántearma agus go bhfanfaidh an t-ollfhiachas rialtais faoi bhun 60 % de OTI sa mheántearma, in éagmais bearta buiséadacha breise tar éis na tréimhse coigeartúcháin 4 bliana. Sainmhínítear an meántearma mar an tréimhse 10 mbliana tar éis dheireadh na tréimhse coigeartúcháin. Ullmhaíodh agus tarchuireadh an fhaisnéis theicniúil chuig an mBallstát sa dá chás seo a leanas: cás lena n-áirítear comhsheasmhacht leis an gcoimirce athléimneachta easnaimh⁸, i gcomhréir le hAirteagal 9(3) de Rialachán (AE) 2024/1263, agus cás gan an choimirce sin.

⁶ Cuimsítear leis an treoraíocht a tugadh roimh ré do na Ballstáit agus chuig an gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais faisnéis theicniúil (i) le síneadh a chur leis an tréimhse choigeartúcháin agus gan síneadh léi (lena gcumhdaítear 4 bliana agus 7 mbliana, faoi seach) agus (ii) le coimirce athléimneachta easnaimh agus gan í. Cuimsítear inti freisin na príomhchoinníollacha tosaigh agus na toimhdí bunúsacha a úsáidtear i gcreat réamh-mheasta fiachais rialtais mheántearmaigh an Choimisiúin. Ríomhadh an fhaisnéis theicniúil ar bhonn na modheolaíochta a thuairiscítear i dTuarascáil Faireacháin an Choimisiúin ar Inbhuanaitheacht Fiachais 2023 (https://economy-finance.ec.europa.eu/publications/debt-sustainability-monitor-2023_en), agus na mionchoigeartuithe a rinneadh uirthi ina dhiaidh sin a comhaontaíodh ag Meitheal GSD. Is ar Réamhaisnéis an Fhómhair 2025 ón gCoimisiún Eorpach agus ar a síneadh meántearmach suas le 2035 atá sé bunaithe, agus tá fás fadtéarmach OTI agus na costais aosaithe i gcomhréir le Tuarascáil chomhpháirteach 2024 ar an Aosú ón gCoimisiún agus ón gComhairle (https://economy-finance.ec.europa.eu/publications/2024-ageing-report-economic-and-budgetary-projections-eu-member-states-2022-2070_ga).

⁷ https://economy-finance.ec.europa.eu/economic-surveillance-eu-member-states/country-pages/netherlands/fiscal-surveillance-netherlands_en#medium-term-fiscal-structural-plans.

⁸ Bunaítear leis an gcoimirce athléimneachta easnaimh a bhunaítear in Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2024/1263 go bhfuil an feabhas bliantúil ar an gcomhardú príomha struchtúrach cothrom le 0,4 pointe céatadáin (nó 0,25 pointe céatadáin i gcás síneadh a chur leis an tréimhse choigeartúcháin) go dtí go mbeidh an t-easnamh struchtúrach níos ísle ná 1,5 % de OTI.

- (11) Leagtar amach san fhaisnéis theicniúil le haghaidh na hÍsiltíre, gur cheart, chun na rialacha fioscacha is infheidhme a chomhlíonadh le linn na tréimhse coigeartúcháin 4 bliana, agus bunaithe ar thoidhmí an Choimisiúin, gur cheart 0.1 % de OTI ar a laghad a bheith sa chomhardú príomha struchtúrach ag deireadh na tréimhse coigeartúcháin (2029); cás gan an beart coimirce maidir le hathléimneacht easnaimh), de réir Thábla 1. Mar eolas, agus an choimirce athléimneachta easnaimh á cur san áireamh freisin, ba cheart an comhardú príomha struchtúrach a bheith mar an gcéanna, agus é cothrom le 0,1 % de OTI ar a laghad ag deireadh na tréimhse coigeartúcháin (2029). Mar sin féin, ní ceanglas é an choimirce athléimneachta easnaimh le haghaidh na hÍsiltíre, tír atá incháilithe d'fhaisnéis theicniúil, ná níl feidhm ag an gcoimirce maidir le conairí tagartha.

Tábla 1: Faisnéis theicniúil arna soláthar ag an gCoimisiún don Ísiltír

Bliain deiridh na tréimhse coigeartúcháin	2029
Luach íosta an chomhardaithe phríomha struchtúraigh (% de OTI), an cás gan an choimirce athléimneachta easnaimh	0,1 %
<i>Le haghaidh faisnéise amháin:</i> Luach íosta an chomhardaithe phríomha struchtúraigh (% de OTI), an cás leis an gcoimirce athléimneachta easnaimh	0,1 %

Foinse: Ríomhanna an Choimisiúin.

- (12) I gcomhréir le hAirteagal 12 de Rialachán (AE) 2024/1263, chuaigh an Ísiltír agus an Coimisiún i mbun idirphlé teicniúil i mí an Mhárta 2026. Bhí an t-idirphlé teicniúil dírithe ar uasrátaí fáis an ghlanhaiteachais atá beartaithe ag an Ísiltír agus ar na toimhdí bunúsacha a bhaineann léi, go háirithe na toimhdí a bhaineann leis an díbhóilsceoir OTI, chomh maith leis na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí atá beartaithe a thabhairt i gcrích lena bhfreagrófar ar na príomhdhúshláin a sainaitníodh i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh agus thosaíochtaí comhchoiteanna an Aontais maidir le haistriú cóir glas agus digiteach, an athléimneacht shóisialta agus eacnamaíoch, an tslándáil fuinnimh agus méadú na gcumas cosanta.

- (13) I mí Aibreáin 2026, i gcomhréir le hAirteagal 11(3) de Rialachán (AE) 2024/1263, de réir na faisnéise a chuir an Ísiltír ar fáil ina plean, chuaigh na húdaráis i mbun próiseas comhairliúcháin leis na comhpháirtithe sóisialta agus le Rannán Comhairleach na Comhairle Stáit, atá ar cheann d'institiúidí fioscacha neamhspleácha na hÍsiltíre a bhfuil sé de chúram orthu faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh rialacha buiséadacha.
- (14) Thug Rannán Comhairleach na Comhairle Stáit tuairim uaidh maidir leis an réamhaisnéis mhaicreacnamaíoch agus na toimhdí maicreacnamaíocha atá mar bhonn taca faoin gconair ghlanhaiteachais sa phlean. Níor ghlac an Chomhairle Stáit tuairim maidir le hinchreidteacht fhoriomlán na réamhaisnéisí agus na dtoimhdí sin ach thug sí dá haire nach ionann iad agus na réamhaisnéisí agus na toimhdí ó Bhiúró na hÍsiltíre um Anailís ar Bheartas Eacnamaíoch, atá mar bhonn taca faoi mheastacháin ar chomhardú agus fiachas an rialtais de réir an chreata bhuiséadaigh náisiúnta. Thug an Chomhairle Stáit dá haire freisin, de réir réamh-mheastacháin mheántéarmacha ó Bhiúró na hÍsiltíre um Anailís ar Bheartas Eacnamaíoch go dtí 2039, go sárófaí na luachanna tagartha do na cóimheasa easnaimh agus fiachais rialtais le corrlach beag (easnamh 3,1 % de OTI ó 2034 agus fiachas 62 % de OTI in 2039), ach nach mbeadh sé sin amhlaidh de réir na réamh-mheastachán sa phlean meántéarmach. Thug an Chomhairle Stáit le fios go mbaineann an phríomhchúis i bhfad leis an difríocht sin leis an bhfíoras go n-áirítear i réamh-mheastacháin ó Bhiúró na hÍsiltíre um Anailís ar Bheartas Eacnamaíoch meastachán ar thionchar na mbeartas fógartha sna blianta amach romhainn (lena n-áirítear a dtionchar tar éis 2029 agus go dtí 2034), ach go n-úsáideann an Coimisiún, sa mheasúnú ar na pleananna meántéarmacha, toimhde gan athrú beartais tar éis na tréimhse coigeartúcháin.
- (15) Cuireadh an plean faoi bhráid na parlaiminte náisiúnta an 13 Aibreán 2026.

ACHOIMRE AR AN bPLEAN AGUS AN MEASÚNÚ ÓN gCOIMISIÚN AIR SIN

- (16) I gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) 2024/1263, rinne an Coimisiún measúnú ar phlean mhí Aibreáin 2026 mar a leanas:

Comhthéacs: staid agus ionchas maicreacnamaíoch agus fioscach

- (17) Tháinig méadú 1,8 % ar fhíor-OTI san Ísiltír in 2025 mar gheall ar éileamh láidir intíre agus d'ainneoin éiginnteachtaí domhanda a dhéanann difear don trádáil. De réir Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún Eorpach, meastar go dtiocfaidh fás 1,0 % ar an ngeilleagar in 2026, ós rud é go bhfuil éiginnteachtaí domhanda ardaithe, atá níos measa mar gheall ar an gcoinbhleacht sa Mheánoirthear, ag maolú tomhaltais, infheistíochta agus trádála. In 2027, réamh-mheastar go dtiocfaidh méadú 1,1 % ar fhíor-OTI, de réir mar a théann an geilleagar i ngleic le héifeachtaí marthanacha na coinbhleachta sa Mheánoirthear. Meastar go mbeidh teorainn le rannchuidiú thomhaltas agus infheistíocht na dteaghlach, agus tuartar go bplódófar onnmhairí le hallmhairí, rud a fhágfaidh go mbeidh glan-rannchuidiú diúltach trádála ann maidir le fás. Le linn na tréimhse réamhaisnéise (i.e. 2026-2027), meastar go leanfaidh fás OTI ionchasaigh san Ísiltír dá threocht anuas ó 2,0 % in 2023 go 1,3 % faoi 2027, arna spreagadh go príomha ag fás níos ísle ar an daonra in aois oibre chomh maith le cóimheas infheistíochta atá ag laghdú. Ba é 3,9 % an ráta dífhostaíochta in 2025, agus réamh-mheasann an Coimisiún gurb é 4,2 % a bheidh ann in 2026 agus 4,4 % in 2027. Meastar go dtiocfaidh laghdú ar an mboilsciú (díbhóilsceoir OTI) ó 3,3 % in 2025 go 3,2 % in 2026, agus go sroichfidh sé 2,5 % in 2027.
- (18) Maidir le forbairtí fíoscacha, is é a bhí san easnamh rialtais ghinearálta 1,6 % de OTI in 2025. De réir Réamhaisnéis an Fhómhair 2026 ón gCoimisiún Eorpach, réamh-mheastar go mbeidh an barrachas cothrom le 2,5 % de OTI in 2026 agus tiocfaidh laghdú air go 1,9 % de OTI in 2027. Cuirtear san áireamh i Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún Eorpach dréachtbhuiséad na hÍsiltíre le haghaidh 2026. Ba é 44,4 % de OTI an fiachas rialtais ghinearálta ag deireadh 2025. De réir Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún Eorpach, maidir leis an gcóimheas fiachais, meastar go dtiocfaidh méadú air go 46,9 % de OTI ag deireadh 2026. Réamh-mheastar go gcobhsóidh sé den chuid is mó ag 47,0 % de OTI ag deireadh 2027. Sna réamhaisnéisí fíoscacha ón gCoimisiún, ní bhreithnítear na gealltanais bheartais sna pleananna fíoscach-struchtúracha meántéarmacha le fírinne go dtí go gcuirtear taca fúthu le bearta beartais nithiúla arna bhfógairt go hinchreidte agus arna sonrú go leordhóthanach.

Uasrátaí fáis glanchaiteachais agus na príomhthoimhdí maicreacnamaíocha i bplean mhí Aibreáin 2026

- (19) Leis an bplean cumhdaítear an tréimhse 2026–2030 agus cuirtear coigeartú fioscach i láthair thar thréimhse 4 bliana.
- (20) Tá an fhaisnéis uile a cheanglaítear le hAirteagal 13 de Rialachán (AE) 2024/1263 sa phlean.
- (21) Leis an bplean, tugtar gealltanais maidir leis na huasrátaí fáis glanchaiteachais a léirítear i dTábla 2 thíos, a chomhfhreagraíonn do mheánfhás glanchaiteachais bliantúil 3,7 % i gcaitheamh na tréimhse coigeartúcháin (2026-2029) agus i gcaitheamh na tréimhse a chumhdaítear leis an bplean (2026-2030) araon. Tá an fhaisnéis theicniúil (ag glacadh leis go bhfuil conair coigeartúcháin línigh ann) comhsheasmhach le meánfhás glanchaiteachais 3,3 % i gcaitheamh na tréimhse coigeartúcháin (2026-2029) agus thar na blianta 2026-2030 araon.

Tábla 2: Uasrátaí fáis glanchaiteachais agus na príomhthoimhdí i bplean na hÍsiltíre

	2026	2027	2028	2029	2030	Meánfhás i rith thréimhse bhailíochta an phlean 2026-2030	Meánfhás i rith na tréimhse coigeartúcháin 2026–2029
Fás glanchaiteachais (ar bhonn bliantúil, %)	4,7	3,5	3,1	3,5	3,7	3,7	3,7
Fás glanchaiteachais (ar bhonn carnach, ón mbonnbhliain 2025, %)	4,7	8,4	11,7	15,6	19,9	n/b	n/b
Fás OTI ionchasaigh (%)	1,4	1,3	1,2	1,1	1,1	1,2 %	1,2
Boilsciú (fás díbholsceora OTI) (%)	3,3	2,5	2,4	2,4	2,4	2,6	2,6

Foinse: Plean fioscach-struchtúrach meántéarmach na hÍsiltíre (Aibreán 2026) agus ríomhanna an Choimisiúin.

- (22) Tuairiscítear go n-eascraíonn comhardú príomha struchtúrach 0.0 % de OTI ag deireadh na tréimhse coigeartúcháin (2029) as an gconair ghlanhaiteachais ar tugadh gealltanais ina leith sa phlean. Is ísle sin ná íosleibhéal an chomhardaithe phríomha struchtúraigh 0.1 % de OTI in 2029 a chuir an Coimisiún ar fáil san fhaisnéis theicniúil an 26 Feabhra 2026⁹. Glactar leis sa phlean go dtiocfaidh laghdú go 1,4 % in 2026 (ó 1,7 % in 2025) agus ag laghdú a thuilleadh go 1,1 % in 2030. Ina theannta sin, meastar sa phlean go dtiocfaidh laghdú ar ráta fáis an díbhóilsceora OTI go 2,5 % in 2027 (ó 3,2 % in 2025) agus go laghdódh sé a thuilleadh go 2,4 % in 2030.

Impleachtaí ghealltanais ghlanhaiteachais an phlean maidir leis an gcomhardú rialtais ghinearálta

- (23) Bunaithe ar uasrátaí fáis glanhaiteachais agus toimhdí an phlean, thiocfadh méadú ar an easnamh rialtais ghinearálta ar dtús in 2026 go 2,4 % de OTI agus laghdódh sé de réir a chéile go 1,2 % de OTI ag deireadh na tréimhse coigeartúcháin. Dá bhrí sin, de réir an phlean, ní sháródh an comhardú rialtais ghinearálta luach tagartha 3 % de OTI ag deireadh na tréimhse coigeartúcháin (2029). Ina theannta sin, sna 10 mbliana tar éis na tréimhse coigeartúcháin (i.e. go dtí 2039), ní sháródh an t-easnamh rialtais 3 % de OTI.

Dá bhrí sin, bunaithe ar ghealltanais bheartais agus toimhdí maicreacnamaíocha an phlean, bheadh an chonair ghlanhaiteachais a chuirtear ar aghaidh sa phlean comhoiriúnach leis an gceanglas maidir leis an easnamh a leagtar amach in Airteagal 16(2) de Rialachán (AE) 2024/1263.

Impleachtaí ghealltanais ghlanhaiteachais an phlean maidir le fiachas rialtais ghinearálta

- (24) Dá dtiocfadh uasrátaí fáis an ghlanhaiteachais a bhfuil gealltanais tugtha ina leith sa phlean mar aon leis na toimhdí bunúsacha i gcrích, thiocfadh laghdú de réir a chéile ar fhiachas rialtais ghinearálta, de réir an phlean, ó 46,8 % in 2026 go 45,6 % de OTI ag deireadh na tréimhse coigeartúcháin (2029), de réir Thábla 3. Sna 10 mbliana tar éis na tréimhse coigeartúcháin, meastar go bhfanfaidh fiachas rialtais ghinearálta ar chonair anuas go dtí 2032 agus ansin go méadóidh sé de réir a chéile go 51,2 % de OTI in 2039. Dá bhrí sin, de réir an phlean, d'fhanfadh fiachas rialtais ghinearálta faoi bhun luach tagartha an Chonartha, is é sin 60 % de OTI, sa mheántearma.

⁹ https://economy-finance.ec.europa.eu/economic-surveillance-eu-member-states/country-pages/netherlands/fiscal-surveillance-netherlands_en#medium-term-fiscal-structural-plans.

Dá bhrí sin, bunaithe ar ghealltanais bheartais agus toimhdí maicreacnamaíocha an phlean, tá uasrátaí fáis an ghlanhaiteachais a luaitear sa phlean comhsheasmhach leis an gceanglas maidir le fiachas a leagtar amach in Airteagal 16(2) de Rialachán (AE) 2024/1263.

Tábla 3: Forbairtí maidir le fiachas ginearálta an rialtais agus maidir le comhardú i bplean na hÍsiltíre

	2026	2027	2028	2029	2030	2039
Fiachas rialtais (% de OTI)	46,8	46,5	46,1	45,6	45,2	51,2
Comhardú rialtais (% de OTI)	-2.4	-1.5	-1.3	-1.2	-1.2	-3.0

Foinse: Plean fioscach struchtúrach meántéarmach na hÍsiltíre (Aibreán 2026).

Toimhdí maicreacnamaíocha an phlean

(25) Tá an plean bunaithe ar thacar toimhdí atá éagsúil le toimhdí an Choimisiúin, ar thacar é a tarchuireadh go dtí an Ísiltír an 26 Feabhra 2026. Go háirithe, úsáidtear toimhdí éagsúla sa phlean maidir le túsphointe an chomhardaithe phríomha struchtúraigh agus an fháis díbhóilsceora OTI. Tugadh fiachas rialtais agus fás OTI le haghaidh 2025 cothrom le dáta de réir sonraí olltoraidh ó Oifig Staidrimh na hÍsiltíre.

Is gá measúnú cúramach a dhéanamh ar na difríochtaí sin sna toimhdí, go háirithe ós rud é gurb airde an t-uasráta meánfháis glanhaiteachais sa phlean ná mar a tugadh le tuiscint leis an bhfaisnéis theicniúil.

Liostaítear thíos na difríochtaí i dtoimhdí a bhfuil an tionchar is mó acu ar uasráta meánfháis an ghlanhaiteachais agus déantar measúnú orthu thíos.

- Glactar leis sa phlean gurb é -0,4 % de OTI túsphointe an chomhardaithe phríomha struchtúraigh, in ionad -0,6 % de OTI a thiomhdítear i bhfaisnéis theicniúil an Choimisiúin, a bhí bunaithe ar réamhaisnéis an Fhómhair 2025 ón gCoimisiún. Cuireann sé sin le huasráta meánfháis glanhaiteachais níos airde i rith na tréimhse coigeartúcháin sa phlean ná mar a measadh de réir thoimhdí an Choimisiúin. Tá luach an chomhardaithe phríomha struchtúraigh sa phlean bunaithe ar an réamhaisnéis is déanaí ó Bhiúró na hÍsiltíre um Anailís ar Bheartas Eacnamaíoch i mí an Mhárta 2026 agus tá sé comhsheasmhach le sonraí olltoraidh maidir leis an easnamh. Dá bhrí sin, meastar go bhfuil údar cuí leis an toimhde sin.
- Glactar leis sa phlean go seasfaidh an díbhóilsceoir OTI ag 2,5 % in 2027, in ionad 2,1 % a thiomhdítear i bhfaisnéis theicniúil an Choimisiúin. Cuireann sé sin le huasráta meánfháis glanhaiteachais níos airde i rith na tréimhse coigeartúcháin sa phlean ná mar a measadh de réir thoimhdí an Choimisiúin. Mínítear an réamhaisnéis díbhóilsceora níos airde le héifeachtaí eacnamaíocha na coinbhleachta sa Mheánoirthear, agus meastar go gcuirfidh sin leis an díbhóilsceoir mar gheall ar phraghsanna fuinnimh allmhairithe níos airde a bheith curtha ar aghaidh chuig praghsanna intíre. Dá bhrí sin, meastar go bhfuil údar cuí leis an toimhde sin. Tar éis 2027, glactar leis go gcóineasóidh an díbhóilsceoir OTI go líneach go 2,3 % in 2035, i gcomhréir le modheolaíocht na hIonstraime um Sheirbhísí Digiteacha.

Níl tionchar mór ag na difríochtaí sna toimhdí atá fágtha ar uasráta meánfháis an ghlanhaiteachais i gcomparáid le faisnéis theicniúil an Choimisiúin.

Tugtar le tuiscint leis sin gurb iad na difríochtaí i dtoimhdí, ar féidir glacadh leo ar an iomlán, an míniú atá ar an difríocht idir na huasrátaí fáis glanhaiteachais sa phlean agus na huasrátaí fáis glanhaiteachais san fhaisnéis theicniúil, i gcomhréir le hAirteagal 13, pointe (b), de Rialachán (AE) 2024/1263. Ar an iomlán, is é an toradh a bhíonn ar na difríochtaí uile sna toimhdí nuair a ghactar le chéile iad uasráta meánfháis glanhaiteachais atá níos airde ná an t-uasráta meánfháis glanhaiteachais a thugtar le tuiscint san fhaisnéis theicniúil.

Cuirfidh an Coimisiún an measúnú thuas ar thiomhdí an phlean san áireamh i measúnuithe a dhéanfaidh sé amach anseo ar chomhlíonadh uasrátaí fáis an ghlanhaiteachais.

Straitéis fhioscach an phlean

- (26) De réir na straitéise fioscaí táscaí sa phlean, cuirfear na gealltanais maidir le glanhaiteachas i gcrích go príomha trí mhéaduithe lánroghnacha ar ioncam atá comhsheasmhach le méaduithe breise ar chaiteachas rialtais. Glactar leis sa phlean go dtiocfaidh méadú ar chánachas ioncaim teaghlaigh agus ar ranníocaíochtaí slándála sóisialta d'fhostóirí, i measc bearta ioncaim eile, chomh maith le méadú ar chaiteachas cosanta, ó 1,7 % de OTI in 2025 go 2,7 % de OTI in 2030.
- (27) Tá sonraíocht na mbeart beartais atá le glacadh le dearbhú nó le coigeartú agus le cainníochtú sna buiséid bhliantúla. Agus an méid sin á dhéanamh aici, ba cheart don Ísiltír breithniú a dhéanamh ar thionchar na mbeartas fógartha ar na réamh-mheastacháin mheántéarmacha arna meas ag Biúró na hÍsiltíre um Anailís ar Bheartas Eacnamaíoch.

Rúin infheistíochtaí agus athchóirithe sa phlean a fhreagraíonn ar na príomhdhúshláin arna sainaithint i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh agus lena dtugtar aghaidh ar thosaíochtaí comhchoiteanna an Aontais

- (28) Tugtar tuairisc sa phlean ar rúin hathchóirithe agus infheistíochta chun freagairt do na príomhdhúshláin arna sainaithint i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh, mar a leagtar amach go háirithe i moltaí tírshonracha 2025¹⁰, lena n-áirítear na moltaí a bhaineann leis an nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha, agus i gcomhréir le tosaíochtaí na Teachtairachta dar teideal 'Compás Iomaíochais don Aontas Eorpach'¹¹. Áirítear thart ar 85 athchóiriú agus infheistíocht sa phlean, agus faigheann 10 cheann díobh tacaíocht airgeadais ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta. Tá athchóirithe agus infheistíochtaí an phlean bunaithe ar an gcomhaontú comhghuaillíochta chomh maith le tionscnaimh leanúnacha eile.

¹⁰ Féach Moladh ón gComhairle an 8 Iúil 2025 maidir le beartais eacnamaíocha, shóisialta, fostaíochta, struchtúracha agus bhuiséadacha na hÍsiltíre, (IO C, C/2025/3993, 20.8.2025, ELI: <http://data.europa.eu/eli/C/2025/3993/oj>).

¹¹ Féach an Teachtairacht ón gCoimisiún dar teideal 'Compás Iomaíochais don Aontas Eorpach' an 29 Eanáir 2025, COM(2025)30 final.

- (29) Maidir leis an tosaíocht choiteann a bhaineann le haistriú cóir, glas agus digiteach, lena n-áirítear na cuspóirí aeráide a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/1119, cuimsítear leis an bplean breis agus 20 athchóiriú agus infheistíocht, amhail an pacáiste infheistíochta le haghaidh talmhaíocht inbhuanaithe agus bainistiú nítrigine, an Ciste Aeráide agus Fuinnimh, agus an Clár chun Dlús a chur le hInbhuanaitheacht na Timpeallachta Tógtha. Tugtar tuairisc sa phlean freisin ar bhearta faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta chun spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú amhail leanúint den fhóirdheontas infheistíochta le haghaidh fuinneamh inbhuanaithe agus coigilteas fuinnimh (ISDE +++). Tá sé beartaithe leis na hathchóirithe agus na hinfeistíochtaí a áirítear sa phlean aghaidh a thabhairt ar na moltaí tírshonracha a eisíodh in 2025 chun caiteachas T&F a mhéadú, chun aghaidh a thabhairt ar an mbearna chistiúcháin do ghnólachtaí nuathionscanta agus do ghnólachtaí atá ag méadú, chun spleáchas foriomlán ar bhreoslaí iontaise a laghdú, chun plódú eangaí leictreachais a laghdú agus chun aghaidh a thabhairt ar dheascadh iomarcach nítrigine agus ar an meath ar cháilíocht an uisce.
- (30) Maidir le comhthosaíocht na hathléimneachta sóisialta agus eacnamaíche, lena n-áirítear Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, áirítear sa phlean liosta cuimsitheach de bhreis agus 50 athchóiriú agus infheistíocht arna ngrúpáil faoi roinnt réimsí beartais amhail an margadh tithíochta, an t-oideachas, an cúram sláinte, margadh an tsaothair agus cánachas. Áirítear cuid de na hinfeistíochtaí agus na hathchóirithe sin sa phlean téarnaimh agus athléimneachta, amhail na gníomhaíochtaí chun dul i ngleic le féinfhostaíocht bhréagach, tacaíocht do thithíocht inacmhainne, agus síneadh a chur le dianchúram. Tá sé beartaithe leis na 50 athchóiriú agus infheistíocht sin a áirítear sa phlean aghaidh a thabhairt ar na moltaí tírshonracha a eisíodh in 2025 chun aghaidh a thabhairt ar an méadú a mheastar a thiocfadh ar chaiteachas a bhaineann le haois sa chúram fadtéarmach, chun dreasachtaí a laghdú chun conarthaí solúbtha nó sealadacha a úsáid, chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais saothair agus scileanna, chun bunscileanna a fheabhsú, agus chun borradh a chur faoi rannpháirtíocht i gcláir ETIM. Thairis sin, áirítear sa phlean athchóirithe agus infheistíochtaí sa mhargadh tithíochta atá ábhartha don nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha agus a bhfuil sé beartaithe leo aghaidh a thabhairt ar na moltaí tírshonracha lena ndéantar an cánachas ar chineálacha éagsúla ioncaim ón rachmas a ailíniú, lena dtacaítear le hearnáil cíosa phríobháidigh inacmhainne a fhorbairt, agus lena mbaintear bacainní ar thógáil chónaithe.

- (31) Maidir le tosaíocht chomhchoiteann na slándála fuinnimh, áirítear sa phlean an pacáiste maidir le hathchóiriú an mhargaidh fuinnimh (a áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta) chun go bhféadfar úsáid sholúbtha a bhaint as an eangach nuair a bheidh an eangach plódaithe, chun an creat a bhunú d'infheistíochtaí san eangach leictreachais ag oibreoirí córais, chun tionscadail bhonneagair a bhunú a bhaineann le leathnú na heangaí leictreachais agus chun athruithe a thabhairt isteach ar nósanna imeachta ceadaithe don eangach leictreachais. Áirítear sa phlean freisin an gníomh um ghéarchéim phlódaithe eangaí chun dlús a chur le nósanna imeachta le haghaidh tionscadail bonneagair fuinnimh. Ina theannta sin, áirítear sa phlean reachtaíocht chun géarchéimeanna gáis a bhainistiú, athbhreithniú a dhéanamh ar cheanglais stoc-charntha ola, cibear-athléimneacht agus athléimneacht fhisiciúil an bhonneagair fuinnimh a fheabhsú trí threoracha an Aontais, agus infheistíocht a dhéanamh i dtáirgeadh hidrigine agus i straitéisí allmhairiúcháin éagsúlaithe chun rioscaí spleáchais a laghdú.
- (32) Maidir le comhthosaíocht na gcumas cosanta, áirítear sa phlean sraith infheistíochtaí atá le cur chun feidhme idir 2024 agus 2028 arb éard atá iontu trealamh a fháil, bonneagar réadmhaoine a athnuachan, lena n-áirítear chun a inbhuanaitheacht a áirithiú, agus bonneagar oirbheartaíochta TF a nuachóiriú agus a athsholáthar. Áirítear sa phlean tagairt don mhéadú ginearálta ar chaiteachas cosanta, ó 1,7 % de OTI in 2025 go 2,7 % de OTI in 2030.
- (33) Cuirtear faisnéis ar fáil sa phlean maidir leis an gcomhsheasmhacht agus, i gcás inarb iomchuí, maidir leis an gcomhlántacht le plean téarnaimh agus athléimneachta na hÍsiltíre. Comhlánaíonn na hathchóirithe agus na hinfeistíochtaí a leagtar amach sa phlean roinnt gníomhaíochtaí a rinneadh faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta a rannchuidíonn freisin le tosaíochtaí comhchoiteanna an Aontais. Tá na hathchóirithe agus na hinfeistíochtaí nua sa phlean comhsheasmhach leis na bearta faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta.
- (34) Is é is aidhm don phlean rannchuidiú chun riachtanais infheistíochta poiblí na hÍsiltíre a bhaineann le tosaíochtaí comhchoiteanna an Aontais a chomhlíonadh. Maidir leis an aistriú glas agus an t-aistriú digiteach, sainaithnítear ann infheistíochtaí i mbonneagar fuinnimh in-athnuaite, i mbearta éifeachtúlachta fuinnimh agus sa nuálaíocht. Maidir le hathléimneacht shóisialta agus eacnamaíoch, leagtar béim ann ar an ngá atá le hinfeistíocht san oideachas, i scileanna i margadh an tsaothair agus i soláthar tithíochta méadaithe. Tá riachtanais slándála fuinnimh dírithe ar uasmhéadú a dhéanamh ar acmhainneacht na heangaí fuinnimh agus ar bhonneagar hidrigine. Maidir le cumais chosanta, athdhearbhaítear nach mór caiteachas míleata a fheabhsú agus foráiltear ann do mhéadú ar an mbuiséad cosanta chun 2.7 % de OTI a bhaint amach faoi 2030.

Conclúid an mheasúnaithe ón gCoimisiún

- (35) Ar an iomlán, tá an Coimisiún den tuairim go gcomhlíonann plean mhí Aibreáin 2026 na hÍsiltíre ceanglais Rialachán (AE) 2024/1263.

CONCLÚID FHORIOMLÁN ÓN gCOMHAIRLE

- (36) Is díol sásaimh don Chomhairle plean fioscach-struchtúrach meántéarmach na hÍsiltíre agus measann sí go gcabhródh a chur chun feidhme iomlán le hairgeadas poiblí fóna a áirithiú agus le tacú le hinbhuanaitheacht an fhiachais phoiblí chomh maith le fás inbhuanaithe cuimsitheach.
- (37) Tugann an Chomhairle dá haire an measúnú ón gCoimisiún ar an bplean. Mar sin féin, tathantaíonn an Chomhairle ar an gCoimisiún an athuair a mheasúnú ar phleananna a thíolacadh i ndoiciméad ar leithligh nach ionann é agus an doiciméad ina leagtar síos na moltaí ón gCoimisiún le haghaidh moltaí ón gComhairle.
- (38) Tugann an Chomhairle dá haire an measúnú ón gCoimisiún ar an gconair ghlanhaiteachais agus na príomhthoimhdí maicreacnamaíocha sa phlean chomh maith leis na himpleachtaí a bhaineann le conair ghlanhaiteachais an phlean d'easnamh agus fiachas rialtais. Tugann an Chomhairle dá haire an measúnú ón gCoimisiún go bhfuil údar cuí ar an iomlán leis na toimhdí maicreacnamaíocha agus fioscacha, cé go bhfuil siad éagsúil i gcásanna áirithe le toimhdí an Choimisiúin, agus go bhfuil argóintí eacnamaíocha fóna mar bhonn taca leo. Is díol sásaimh don Chomhairle gur cuireadh an plean faoi bhráid na parlaiminte náisiúnta.
- (39) Tá an Chomhairle ag súil go mbeidh an Ísiltír faoi réir chun a straitéis fhioscach a choigeartú de réir mar is gá chun an chonair ghlanhaiteachais atá aici a áirithiú. Tá rún daingean ag an gComhairle dlúthfhaireachán a dhéanamh ar fhorbairtí eacnamaíocha agus fioscacha, lena n-áirítear iad siúd is bonn le cás an phlean.
- (40) Tugann an Chomhairle dá haire an tuairisc ón gCoimisiún ar na riachtanais agus na rúin infheistíochtaí agus athchóirithe a fhreagraíonn ar na príomhdhúshláin arna sainaitheint i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh, agus cuireann sí i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé a áirithiú go gcuirfear na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí sin i gcrích. Déanfaidh an Chomhairle, ar bhonn tuarascálacha a thíolacfaidh an Coimisiún, measúnú ar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí sin agus déanfaidh sí faireachán ar a gcur chun feidhme faoi chuimsiú an tSeimeastair Eorpaigh.

- (41) Tá an Chomhairle ag tnúth leis na tuarascálacha bliantúla ar dhul chun cinn ón Ísiltír ina mbeidh, go háirithe, faisnéis faoin dul chun cinn i gcur chun feidhme na conaire glanchaiteachais mar a leag an Chomhairle síos í, agus faoi chur chun feidhme athchóirithe agus infheistíochtaí níos leithne i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh.
- (42) Cuirtear an moladh seo in ionad Mholadh an 21 Eanáir 2025.
- (43) I gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2024/1263, ba cheart don Chomhairle na rátaí huasrátaí fáis ghlanchaiteachais a bhfuil gealltanais tugtha maidir leo i bplean mhí Aibreáin 2026 a mholadh don Ísiltír.

AG MOLADH LEIS SEO don Ísiltír:

1. a áirithiú nach sáróidh an fás glanchaiteachais na huasmhéideanna a bhunaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Moladh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán

Uasrátaí fáis glanchaiteachais
(rátaí fáis bliantúla agus carnacha, i dtéarmaí ainmniúla)

An Ísiltír

Blianta		2026	2027	2028	2029	2030
Rátaí fáis (%)	Bliantúla	4,7	3,5	3,1	3,5	3,7
	Carnacha [*]	4,7	8,4	11,7	15,6	19,9

^{*} Ríomhtar na rátaí fáis carnacha faoi threoir na bonnbhlíana 2025. Úsáidtear na rátaí fáis carnacha san fhaireachán bliantúil ar chomhlíonadh *ex post* sa chuntas rialaithe.